Neamhord Comhordaithe Forbartha

Remember – he would if he could, but he sometimes can't. He is not lazy, he just sometimes loses his praxis or plan!

Ó *How do I teach a child with Dyspraxia?* Dyspraxia Support Group of New Zealand,,
http://www.dyspraxia.org.nz/

I gcás daltaí a bhfuil Neamhord Comhordaithe Forbartha (NCF) orthu bíonn an-deacracht acu na scileanna gluaiseachta sa saol laethúil a fhoghlaim, agus go minic deir daoine go bhfuil na daltaí seo 'místuama'. Níl aon riocht néareolaíoch ar na daltaí seo, agus ní féidir a gcuid deacrachtaí a mhíniú díreach mar mhoill ghinearálta ina bhforbairt. Tá seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí i gcomhordú a gcuid gluaiseachtaí, a mbraistintí agus a smaointe. Tá deacrachtaí ag na daltaí le tascanna laethúla: cnaipí léinte a dhúnadh, agus scian agus forc a láimhseáil, agus tá seans go mbeidh mearbhall orthu faoin taobh clé agus faoin taobh deas.

Ar scoil, tá seans go mbeidh deacrachtaí acu le gníomhartha áirithe - scríbhneoireacht, na hamharcealaíona agus corpoideachas ina measc. Nuair a bhíonn siad ag imirt, tá seans go bhfeicfidh tú go mbeidh deacrachtaí acu ag rith, ag léimneach, ag preabadh agus ag breith ar liathróid. Sa seomra ranga, tá seans go mbeidh na daltaí ag bualadh i gcoinne rudaí agus go mbeidh rudaí ag titim uathu, agus go mbeidh deacracht acu le líníocht agus le peannaireacht. Is deacair do na daltaí iad féin a choinneáil suas díreach, ina suí nó ina seasamh, agus is féidir leo cuid mhaith ama a chaitheamh leis seo, agus a bheith tuirseach dá thoradh. Tá seans go mbeidh ar dhaltaí a gcolainn a choinneáil suas lena lámha, rud a chruthaíonn fadhbanna nuair a bhíonn orthu a lámha a úsáid i gcomhair scríbhneoireachta. Tá seans go mbeidh daltaí corrthónach nó go mbeidh nós acu luí trasna an bhoird mar thoradh ar an deacracht seo.

Bíonn fadhbanna breise urlabhra ag roinnt daltaí, is furasta daltaí eile a chur ar seachrán agus feicfear nach bhfuil siad in ann a n-iompraíocht a eagrú. Tá seans go mbeidh feasacht lag ar spásúlacht ag daltaí freisin. Bíonn deacrachtaí ag daltaí le féinchabhair agus scileanna eagrúcháin agus tá seans gur deacair dóibh cuimhneamh cén trealamh atá riachtanach i gcomhair gníomhaíochtaí ar leith, agus go minic cailleann siad a gcuid giuirléidí ar scoil. Sa bhaile tá seans go mbeidh siad míshlachtmhar, agus go mbeidh siad mall ag comhlíonadh tascanna a bhfuil scileanna mínluaileacha agus/nó oll-luaileacha ag baint leo. Tá seans nach mbeidh daltaí ábalta a aithint go bhfuil contúirt ag baint le rudaí (m.sh. dóire Bunsen agus trealamh eile in ábhair eolaíochta agus teicneolaíochta).

Go minic feicfear do dhaoine go bhfuil a lán eolais ag daltaí ach nach bhfuil na daltaí sin in ann an t-eolas sin a nótáil ar bhealach loighciúil bríoch. Ní thagann a gcuid oibre scríofa leis an gcumas briathartha atá acu. In amanna cruthaíonn na deacrachtaí seo frustrachas agus fadhbanna le féinmheas, agus dá bharr sin tá seans go mbeidh iompraíocht chúlánta nó shuaiteach ann. Is féidir baint a bheith ag NCF le moill nó neamhord ar scileanna labhartha, mar shampla, le focail a chur in ord taobh istigh d'abairt, nó le smacht a chur ar na gluaiseachtaí atá riachtanach chun fuaimeanna urlabhra áirithe a rá.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Eagraigh an seomra rang sa dóigh is nach mbeidh fadhb ag na daltaí leis an troscán/na feistis. Cinntigh agus iad ina suí gur féidir leo a dhá gcos a chur ar an urlár, go mbeidh an deasc ar comh-ard lena n-uillinneacha agus go mbeidh dromchla le fána acu mar rogha bhreise. Cuir na daltaí ina suí in áit a mbeidh amharc díreach acu ar an múinteoir. Cuir spás oibre néata dóibh féin ar fáil do na daltaí.
- Múin scileanna eagrúcháin go díreach trí liostaí a dhéanamh, imeachtaí a chur in ord agus tráthchláir a úsáid.
- Cuir bealach eile ar fáil chun obair a nótáil nó a thaifeadadh (m.sh. bileoga oibre saindifreáilte/ ríomhaire).
- Bris tascanna síos ina gcodanna oiriúnacha.
- Ná tabhair níos mó ná bileog oibre amháin amach ag an am agus déan cinnte gur féidir an bhileog oibre a cheangal don deasc nuair atá uirlis scríbhneoireachta á úsáid (m.sh. bain feidhm as téip nó clib chun páipéar a ghreamú don deasc nó cuir mata neamhsciorrach faoin gcóipleabhar chun nach féidir leis sleamhnú).

- Fill na bileoga oibre in dhá leath agus abair leis an dalta teacht chugat nuair a bheidh an chéad leath críochnaithe. Is féidir sos a thabhairt don dalta mar sin, sula leanann sé/sí ar aghaidh leis an obair.
- Déan cinnte go dtuigeann daltaí tascanna a bhaineann le hobair bhaile agus nach bhfuil na tascanna ródheacair.
- Cuir teorainn ar chóipeáil ón gclár dubh/bán agus úsáid pinn aibhsithe chun píosaí eolais i dtéacsanna a léiriú.

- Sna tréimhsí sciobtha fáis ag pointí áirithe forbartha tuig go mbeidh seans ann go gcuirfidh na tréimhsí seo le fadhbanna an dalta.
- Cuir treoracha soiléire ar fáil agus deimhnigh go dtuigeann an dalta cad is gá dó/di a dhéanamh.
- I gcás daltaí a bhfuil NCF orthu tá seans go mbeidh deacrachtaí acu rudaí éagsúla a dhéanamh ag an am céanna (m.sh. iall bróige a cheangal agus treoracha a leanúint ag an am céanna). Cuimhnigh air seo nuair atá treoracha á dtabhairt agat.
- Bain feidhm as áiseanna amhairc agus tú ag cur an churaclaim i bhfeidhm.
- Smaoinigh ar stopuaireadóirí nó amadóirí a úsáid chun feasacht ama a fhorbairt.
- Tabhair an oiread leideanna agus is féidir. Léirigh na ceachtanna agus na treoracha le háiseanna amhairc chun béim a chur ar an teagasc.
- I gcás daltaí a bhfuil NCF orthu cuir iad ag barr an tseomra ranga ionas gur féidir leo treoracha a chloisteáil go soiléir agus gur féidir leo cóipeáil ón gclár dubh/bán go furasta.



- Ná déan aon athrú mor ar an timpeallacht sa seomra ranga sa dóigh is go mbeidh na daltaí in ann a gcuid gníomhartha a phleanáil gan aon imní.
- Sna gníomhaíochtaí corpoideachais, féach chuige go mbeidh rannpháirtíocht ann mar aidhm agus nach mbeidh comórtas ann.
- Socraigh, más féidir, go gcabhróidh dalta(í) eile le dalta(í) a bhfuil NCF orthu.
- Tabhair moladh agus spreagadh do na daltaí agus tabhair aitheantas (moladh, réalta, srl) don táirge deiridh agus don iarracht chomh maith.
- Tá seans gur fusa do dhaltaí greim a fháil ar phinn luaidhe atá níos tibhe, ar dhoirníní pinn luaidhe nó ar phinn luaidhe a bhfuil bairille triantánach orthu. Is fusa dóibh scríobh nó tarraingt le pinn luaidhe a bhfuil luaidhe bhog iontu chomh maith. Cuir ceist ar na daltaí cén sórt peann luaidhe is fearr leo. I gcás daltaí a bhfuil crith ina ngluaiseachtaí láimhe, roghnaigh peann luaidhe trom dóibh.
- Má bhíonn daltaí ag luí róláidir ar an bpeann luaidhe, lig dóibh cleachtadh le tuáille faoin leathanach.
- Má scríobhann daltaí an-éadrom, lig dóibh cleachtadh le páipéar carbóin.
- Cuir páipéar eangaí ar fáil chun daltaí a spreagadh chun spás a fhágáil idir na focail.
- Tabhair cead do dhaltaí stopadh má tá siad tuirseach.
- Spreag na daltaí atá níos sine chun dréachtaí garbha a scríobh chun a gcuid oibre a eagrú.
- Chun scileanna láimhe a fhorbairt go sainiúil, lig don dalta taos súgartha a láimhseáil, cumhdach bolgóideach a phléascadh, pionnaí éadaigh a fháisceadh, páipéar a leacú, piostail uisce a úsáid, spúinse fliuch a fháisceadh, bandaí rubair a shíneadh, bréagáin a chur le chéile, píosaí páipéir a stróiceadh, srl.
- Tá seans go mbeidh cláir ríomhaire úsáideach do dhaltaí áirithe, mar shampla, ‘téacs go caint’ (m.sh. Kurzweil™) agus ‘caint go téacs’ (m.sh. Dragon Naturally Speaking™).
- In amanna tá mapáil intinne fíorluachmhar chun cabhrú leis na daltaí a gcuid smaointe a eagrú.